Tuarascáil 2010 maidir le Comhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 maidir le Daoine atá faoi Mhíchumas a Fhostú sa tSeirbhís Phoiblí chuig

an tUasal Alan Shatter TD, An tAire Dlí & Cirt, Comhionannais agus Cosanta Nóta

Tá an Tuarascáil seo athraithe ón gceann a foilsíodh ar dtús, toisc botún beag a cuireadh in iúl.

Bhí 3% dá fhoireann le míchumas sroiste i ndáiríre ag Áras Nua-Ealaíne na hÉireann i 2010, seachas an 2.4% a foilsíodh. B'shin comhchodán a bhí bunaithe ar figiúirí míchearta faoi líon na foirne iomlán san eagraíocht sin a cuireadh in eol dúinn. Tá h-athraithe leanúnacha bainte amach sa Tuarascáil leis seo, ach ní dhearna sin sin aon difriocht don tortha.

Meán Fomhair 2012

Tá an Tuarascáil seo arna chur i láthair ag an Údarás Náisiúnta Míchumais faoi alt 15(6) den Acht um Údarás Náisiúnta Míchumais 1999, mar a cuireadh isteach le halt 50(2) den Acht um Míchumas.

D’oibrigh Lorna Mulvihill, iar-Oifigeach Comhionannais um Míchumas sa Roinn Airgeadais, ar fad na blianta chun polasaithe an Rialtais i leith fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun tosaigh is a bhuanú. Chuir a cuid díogras is a cuid cinnearachta go mór leis an dul chun cinn bainte amach ag eagraíochta poiblí I leith fostaíochta daoine faoi michumas. Ar dheis Dé go raibh a h-anam.

Réamhrá 4

1. Príomhthorthaí le haghaidh 2010 5

1.1 I 2010 mhoilligh an dul chun cinn san earnáil phoiblí i dtreo na sprice 3%... 5

1.2 Tá ceithre chineál comhlachta poiblí ag dul thar an sprioc ach i gcás an chineáil is mó níl an sprioc bainte amach 6

1.3 Bhain an rath i mbaint amach na sprice le méid an chomhlachta poiblí 9

2. Ag Tuiscint na nAthruithe 2009 - 2010 11

2.1 Pátrún Foriomlán 11

2.2 Sonraí agus saincheisteanna maidir le faisnéisiú 12

2.3 Moratóir ar Earcaíocht 13

2.4 Treochtaí i mbearta ar mhaithe le cothú agus tacú fostaíochta 14

3. Amach Anseo 15

3.1 Sonraí a Fheabhsú 16

3.2 Dul i ngleic le neamhchomhlíonadh Chuid 5 den Acht 16

3.3 Clár Molta na dTacaí Spriocdhírithe 18

Tátal 19

Aguisín A: Sonraí Ranna Rialtais ar an sprioc fostaíochta 3% 20

Aguisín B: Sonraí comhlachtaí poiblí eile ar an sprioc fostaíochta 3% 22

Aguisín C: Comhlachtaí a sheol Áireamh Foirne don bhliain 2008 agus rátaí freagartha 38

Aguisín D Na comhlachtaí poiblí seo a leanas raibh ceachtar beartas i scríbhinn maidir le fostú daoine faoi mhíchumas, nó a úsáid le Cód Cleachtais. 43

Ranna Rialtais 43

Comhlachtaí Poiblí liostaithe faoi mháthair-Ranna 43

Réamhrá

Leagtar amach i gCuid 5 den Acht um Míchumas ("an tAcht") na hoibleagáidí atá ar chomhlachtaí na seirbhíse poiblí maidir le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú.

Tá trí riachtanas idirnasctha ann a gcaithfidh comhlachtaí poiblí iad a chomhlíonadh:

1. Ní mór do chomhlachtaí poiblí, chomh fada agus atá sé indéanta, gach beart a chur i bhfeidhm chun tacú le fostú daoine atá faoi mhíchumas agus sin a chur chun cinn.
2. Ní mór do chomhlachtaí poiblí a chinntiú, ach amháin i gcás go bhfuil fáthanna maithe ann a mhalairt a dhéanamh, go mbeadh 3% ar a laghad dá gcuid fostaithe ina ndaoine atá faoi mhíchumas.
3. Ar bhonn bliantúil, ní mór do chomhlachtaí poiblí tuarascáil a thabhairt do choiste monatóireachta reachtúil ina Máthair-Roinn maidir leis an líon daoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo agus maidir leis na bearta atá á gcur i bhfeidhm acu ar mhaithe le cothú agus tacú na fostaíochta sin. Déanann na coistí monatóireachta ansin a dtuarascálacha maidir leis an gcomhlíonadh sin a chur faoi bhráid Aire a máthair-Roinne agus faoi bhráid an Údaráis Náisiúnta Míchumais (ÚNM).

Chomhlíon gach comhlacht poiblí an ceanglas maidir le tuarascálacha a chur isteach sa bhliain 2011. I roinnt cásanna níor tuairiscíodh faoin spriocdháta reachtúil.

Tá an tuarascáil seo dírithe ar chothú, tacú agus ceangaltais na sprice 3%. Maidir leis sin, samhlaíonn an ÚNM an tábhacht chéanna le go mbeadh bearta ann chun fostaíocht daoine faoi míchumas a chur chun cinn agus tacú leis sin agus le baint amach na sprice uimhriúla.

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar eolas arna fháil ag an ÚNM i ndáil le 2010 ó choistí monatóireachta bunaithe faoin Chuid 5 den Acht.[1] Úsáidtear ainmneacha na Rann mar a bhí sa bhliain 2010, an tréimhse atá cuimsithe ag an tuarascáil seo. Ní léiríonn siad aon ainmneacha atá athraithe ó shin ná freagrachtaí na nAirí atá athraithe toisc atheagrú na Rann ó mhí na Nollag 2010 i leith.

San iomlán fuarthas 242 tacar sonraí, a chuimsigh 276 comhlacht poiblí, a bhfuil a sonraí liostáilte go hindibhidiúil in Aguisíní A agus B.

[1] Alt 48(5)(d), An tAcht um Míchumas 2005

1. Príomhthorthaí le haghaidh 2010

1.1 I 2010 mhoilligh an dul chun cinn san earnáil phoiblí i dtreo na sprice 3%

Sciar foriomlán thíos ó 2.9% go 2.7%
Bhí an sciar iomlán d'fhoireann faoi mhíchumas, mar a bhí tuairiscithe ar fud na hearnála poiblí, tar éis laghdú beagán, ó 2.9% sa bhliain 2009 go dtí 2.7% sa bhliain 2010 (Tábla 1). Bhris seo an pátrún de mhéaduithe céimneacha bliantúla a bhí á mbaint amach ó socraíodh an sprioc mar cheanglas reachtúil ar an 31 Nollaig 2005.

Líon na mball foirne faoi mhíchumas anois laghdaithe
B'ionann líon iomlán na bhfostaithe faoi mhíchumas sa tseirbhís phoiblí sa bhliain 2010, mar atá sainithe san Acht[2] agus 5,748, sin laghdú de 632 ar fhigiúr 2009. Tharla an laghdú seo i gcomhthéacs an chúlra de laghdú ar líon iomlán na bhfostaithe sna comhlachtaí poiblí a thuairiscíonn faoin Acht, agus é seo laghdaithe ó 219,653 sa bhliain 2009 go 210,249 sa bhliain 2010 (Tábla 1). Ba ghá 560 fostaí sa bhreis faoi mhíchumas chun an sprioc de 3% a bhaint amach.

Tábla 1: Dul chun cinn i dtreo na Sprice de 3%, 2009 - 2010

	Líon Iomlán Foirne	Foireann faoi Mhíchumas	% den fhoireann faoi mhíchumas
2009	219,653	6,380	2.9%
2010	210,249	5,748	2.7%
Athrú 2009 - 2010	-9,404	-632	-0.2%

Líon na mball foirne faoi mhíchumas thíos go díréireach toisc laghduithe foirne
Tríd is tríd, bhí tionchar díréireach ar líon na ndaoine faoi mhíchumas ag an laghdú i bhfostaíocht na hearnála poiblí ó thabhairt isteach an mhoratóra ar earcaíocht san earnáil phoiblí sa bhliain 2009. Laghdaigh an dearbhlíon de dhaoine faoi mhíchumas a bhí fostaithe san earnáil phoiblí faoi 9.9% (632) i gcomparáid le 4% de laghdú san fhostaíocht fhoriomlán (9,386).

Mhéadaigh sciar na gcomhlachtaí poiblí ag sroicheadh na sprice
I gcodarsnacht leis an titim sa líon foriomlán d'fhoireann faoi mhíchumas, bhí méadú ann i gcéatadán na gcomhlachtaí poiblí ag baint amach nó ag sárú na sprice 3%, ag 59% don bhliain 2010 i gcomparáid le 54% don bhliain 2009. Bhí titim chomhfhreagrach i líon na gcomhlachtaí poiblí nár shroich an sprioc, ó 46% go 41%. Tá an sprioc fós ann go mbainfeadh gach comhlacht poiblí amach an sprioc mura bhfuil cúis mhaith acu gan sin a dhéanamh, amhail líon teoranta foirne. Mar sin, tá a lán le déanamh fós.

[2] Seo easnamh de 560 duine ó iomlán de 6,308 ball foirne faoi mhíchumas a bheadh fostaithe dá mba rud é gur sroicheadh an sprioc de 3%.

Mar a tharla i mblianta roimhe, is léir le linn 2010 go raibh éagsúlacht ann idir an fheidhmíocht i gcoinne na sprice de 3% ó thaobh chineál agus mhéid na heagraíochta de. Tá na torthaí sin pléite i rannóga 1.2 agus 1.3 thíos.

1.2 Tá ceithre chineál comhlachta poiblí ag dul thar an sprioc ach i gcás an chineáil is mó níl an sprioc bainte amach

Mar a tharla i mblianta roimhe rinneadh sonraí 2010 a chatagóiriú de réir chúig chineál comhlachta poiblí: roinn rialtais, comhlachtaí poiblí le státseirbhísigh ag obair iontu; comhlachtaí an údaráis áitiúil; comhlachtaí poiblí tráchtála; agus comhlachtaí poiblí neamhthráchtála. Tá na torthaí le fáil i dTábla 2.

Cosúil le blianta roimhe, léirigh anailís go raibh an sciar is airde d'fhostaithe faoi mhíchumas fostaithe i ranna rialtais (4.1%) agus an sciar is ísle fostaithe i gcomhlachtaí poiblí neamhthráchtála (1.7%), a bhí ar an t-aon chineál amháin comhlachta poiblí nár bhain amach an sprioc. É sin ráite, bhí an líon is mó d'fhoireann faoi mhíchumas ann, le beagnach leath den fhoriomlán. Tá na torthaí pléite go sonrach sa bhosca thíos i ndáil le gach cineál comhlachta phoiblí.

Tábla 2: Sonraí de réir chineál an chomhlachta san Earnáil Phoiblí

Cineál an chomhlachta san earnáil phoiblí	Líon iomlán foirne	% d'fhórsa oibre na hearnála poiblí	Líon iomlán foirne faoi mhíchumas	% den fhoireann faoi mhíchumas	% de chomhlachtaí ag baint amach na sprice de 3%
Roinn Rialtais	19,631	9.3%	811	4.1%	100.0%
Comhlacht poiblí le státseirbhísigh ag obair ann	15,554	7.4%	541	3.5%	66.0%
Rialtas áitiúil	33,825	16.1%	1,242	3.7%	89.5%
Tráchtála	38,200	18.2%	1,381	3.6%	45.2%
Neamhthráchtala	103,039	49.0%	1,773	1.7%	43.6%
Iomláin	**210, 249**	**100%**	**5,748**	**2.7%**	**59.1%**

Ranna Rialtais

Sa bhliain 2010 i 15 roinnt Rialtais[3] bhí 19,631 duine fostaithe, agus as an líon sin tuairiscíodh go raibh 811 (4.1%) faoi mhíchumas. Shroich gach roinn an sprioc de 3%, le torthaí na rann ar leithligh sa raon idir 3.1% agus 5.9%. Rinne an earnáil seo suas 9.3% d'fhostaíocht na hearnála poiblí agus 14% d'fhostaithe faoi mhíchumas.

[3] Fuarthas 16 tacar sonraí sa mhéid go dtuairiscíonn an Roinn Cosanta maidir lena fhoireann atá fostaithe go díreach sa Roinn agus maidir le foireann shibhialta atá ag obair sna Fórsaí Cosanta.

Comhlachtaí Poiblí le státseirbhísigh fostaithe iontu
Bhí 47 tacar sonraí ann do chomhlachtaí poiblí le státseirbhísigh fostaithe iontu. Seo comhlachtaí amhail na Coimisinéirí Ioncaim agus an Phríomh-Oifig Staidrimh, nach ranna Rialtais iad ach a bhfuil a bhfoireann aicmithe mar státseirbhísigh, chomh maith le comhlachtaí a dtáinig a bhfoireann ó mháthair-Roinn, amhail an tSeirbhís Chúirteanna agus an tÚdarás Comhionannais. D'fhostaigh an earnáil 15,554 duine agus as an líon sin bhí 541 (3.5%) taifeadta mar dhaoine faoi mhíchumas, B'ionann seo agus 7.4% d'fhostaíocht fhoriomlán na hearnála poiblí agus 9.4% d'fhostaithe faoi mhíchumas.

Cibé scéal é, d'ainneoin go raibh an fheidhmíocht go maith, níor éirigh le gach comhlacht poiblí sa chatagóir seo an sprioc a bhaint amach. As na 47 comhlacht, níor éirigh le 16 (34%) díobh. I gcás roinnt mhaith ar theip orthu an sprioc a bhaint amach ba chomhlachtaí beaga iad le deichniúr fostaithe nó níos lú.

Comhlachtaí an Údaráis Áitiúil
Áirítear san earnáil seo d'fhormhór comhairlí cathrach agus contae, chomh maith le comhlachtaí eile an údaráis áitiúil. Bhí 38 tacar sonraí ann do chomhlachtaí an údaráis áitiúil don bhliain 2010. D'fhostaigh siad 33,825 duine agus as an méid sin bhí 1,242 (3.7%) tuairiscithe mar dhaoine faoi mhíchumas. Rinne earnáil an údaráis áitiúil suas 16% d'fhostaíocht fhoriomlán na hearnála poiblí agus 21.6% d'fhostaithe faoi mhíchumas.

Bhain díreach faoi bhun 90% de chomhlachtaí poiblí san earnáil seo amach an sprioc de 3% nó d'imigh os cionn na sprice, ach amháin dhá údarás áitiúla (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Luimnigh). Seo feabhas ar thorthaí an bliana 2009 nuair a bhí ceithre chomhairle áitiúla nár bhain amach an sprioc de 3%.

Comhlachtaí Tráchtála
Áirítear san earnáil seo cuideachtaí fuinnimh agus iompair an stáit. Sa bhliain 2010, cuireadh ar ais 31 tacar sonraí do chomhlachtaí tráchtála a d'fhostaigh foireann de 38,200 duine. Astu seo, thuairiscigh 1,381 duine go raibh siad faoi mhíchumas, arb ionann é sin agus 3.6% den fhórsa oibre sna comhlachtaí sin. Rinne an earnáil tráchtála suas 18% den fhostaíocht fhoriomlán i gcomhlachtaí poiblí agus 24% d'fhostaíocht na ndaoine faoi mhíchumas.

Níor fheidhmigh gach comhlacht tráchtála chomh maith lena chéile, ámh. As na 31 comhlacht tráchtála, tá 14 (45%) nár bhain amach go fóill an sprioc de 3%, lena n-áirítear roinnt comhlachtaí móra in earnáil an iompair.

Comhlachtaí Neamhthráchtála
Cosúil le blianta roimhe, seo an t-aon cheann de na hearnálacha nár éirigh leis an sprioc fhoriomlán de 3% a bhaint amach. Tá suntas ar leith ag baint leis seo sa mhéid go ndéanann na comhlachtaí seo suas beagnach leath den earnáil phoiblí

iomlán. Áirítear san earnáil seo: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte[4] agus comhlachtaí sláinte eile; na hInstitiúidí Teicneolaíochta; comhlachtaí cultúrtha amhail an Gailearaí Náisiúnta agus comhlachtaí comhairleacha agus rialála.

Bhí 110 tacar sonraí ag baint le comhlachtaí poiblí neamhthráchtála a fuarthas le haghaidh 2010. D'fhostaigh na comhlachtaí poiblí seo san iomlán 103,039 duine agus astusan bhí 1,773 (1.7%) duine faoi mhíchumas. Seo laghdú ón 2% a baineadh amach sa bhliain 2009. As na comhlachtaí poiblí neamhthráchtála bhí 61 (55%) nár bhain amach an sprioc de 3%. De bhreis air sin, bhí 27 (25%) de na comhlachtaí seo nach raibh aon fhoireann faoi mhíchumas fostaithe iontu.

Cé go ndéanann an earnáil seo suas beagnach 50% d'fhostaíocht iomlán na hearnála poiblí, níor thaifead siad ach go raibh tuairim is 31% d'oibrithe seirbhíse poiblí a bhí faoi mhíchumas. Sna ceithre earnáil eile bhí sciar níos mó den fhoireann faoi mhíchumas ná an sciar d'fhoireann iomlán na hearnála poiblí (Tábla 3). Tá tús áite ag FSS san earnáil seo, ámh, ó thaobh líon foirne le beagnach 69,000 fostaí. Sa mhéid nach bhfuarthas sonraí ach le haghaidh díreach os cionn leath (56%) d'fhoireann FSS, ní féidir a bheith cinnte an mbaineann an drochfheidhmíocht le bailiú sonraí nó le go bhfuil céatadán íseal dá fhoireann faoi mhíchumas.

Tábla 3: achoimre ar fheidhmíocht na gcúig chomhlacht san earnáil phoiblí a léiríonn an chodarsnacht idir comhlachtaí tráchtála agus na ceithre chineál eile.

Tábla 3: Feidhmíocht chomhlachtaí na hearnála poiblí, de réir cineáil

Cineál comhlachta san earnáil phoiblí	% d'fhórsa oibre na hearnála poiblí	% na foirne san earnáil phoiblí atá faoi mhíchumas	Difríocht idir an % den fhoireann fhoriomlán agus % na foirne atá faoi mhíchumas

[4] Déanann FSS amháin suas dhá thrian d'fhostaíocht san earnáil seo. Déanann sé suas freisin 32.7% d'iomlán fhostaíocht na hearnála poiblí ach ní dhéanann suas ach 13.9% d'fhoireann faoi mhíchumas.

Cineál comhlachta san earnáil phoiblí	% d'fhórsa oibre na hearnála poiblí	% na foirne san earnáil phoiblí atá faoi mhíchumas	Difríocht idir an % den fhoireann fhoriomlán agus % na foirne atá faoi mhíchumas
Roinn Rialtais	9.3	14.0	+4.7
Comhlacht poiblí le státseirbhísigh ag obair ann	7.4	9.4	+2.0
Rialtas Áitiúil	16.1	21.6	+5.5
Tráchtála	18.2	24.0	+5.8
Neamhthráchtala	49.0	31.0	-18.0

1.3 Bhain an rath i mbaint amach na sprice le méid an chomhlachta poiblí

Tá an cumas ag eagraíochtaí níos mó tuilleadh daoine faoi mhíchuma a fhostú a bhuíochas le méid na heagraíochta agus le héagsúlacht na dtascanna is féidir leo a dhéanamh ann. Ar an taobh eile de, tá sé níos deacra sprioc de 3% a bhaint amach i gcomhlachtaí beaga toisc go bhfuil siad beag. I gcomhlachtaí beaga bíonn an céatadán a bhaineann siad amach go mór faoi thionchar fhágáil bhall foirne amháin fiú, mura bhfostaítear ball foirne eile faoi mhíchumas ina n-ionad.

Bunaithe ar an eolas arna sholáthar, tuairiscíodh go raibh breis is 70% d'fhostaithe faoi mhíchumas na hearnála poiblí fostaithe in eagraíochtaí ina bhfuil níos mó ná 1,000 ball foirne.

Cé go bhfuil an fhostaíocht a chuirtear ar fáil do dhaoine in eagraíocht níos lú san earnáil phoiblí ina fhostaíocht thábhachtach, bíonn an tionchar is mó ar líon iomlán na ndaoine fostaithe san earnáil phoiblí i gcás gur féidir le comhlacht poiblí mór an sprioc de 3% a shroicheadh. Déanann comhlachtaí le breis is 50 ball foirne suas 99% d'fhostaíocht iomlán na hearnála poiblí.

Rinneadh anailís ar na sonraí de réir mhéid na gcomhlachtaí poiblí. Tríd is tríd, an pátrún a bhí ann ná go raibh fostaíocht na foirne faoi mhíchumas i gcoibhneas le fostaíocht fhoriomlán ach amháin sna comhlachtaí poiblí is mó (iadsan le breis is 5,000 ball foirne) (féach Tábla 4).

Sa chatagóir is airde ar fad (breis is 5,000) bhí sciar níos ísle d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas i gcoibhneas le méid na heagraíochta. Is féidir é seo a mhíniú mar seo - bhí líon íseal taifeadta i gcomhlacht poiblí aonair amháin, FSS. Rinne comhlachtaí a fhostaíonn breis is 1000 ball foirne suas breis is 70% de gach fostaíocht de dhaoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí. Rinne comhlachtaí a fhostaíonn breis is 500 duine suas 87% d'fhostaíocht na ndaoine faoi mhíchumas (Tábla 4).

Tábla 4: Comhchruinniú na foirne faoi mhíchumas de réir mhéid na heagraíochta

Líon Fostaithe	Líon na gcomhlachtaí Poiblí	Líon iomlán foirne	% den fhoireann iomlán san earnáil	Líon iomlán na foirne faoi mhíchumas	% d'fhoireann iomlán na hearnála poiblí atá faoi mhíchuma
1-49	114[5]	1,651	0.8%	70	1.2%
50-99	25	1,849	0.9%	59	1.0%
100-499	67	16,629	7.9%	612	10.6%
500-999	35	24,301	11.6%	927	16.1%
1,000-4,999	30	62,489	29.7%	2,014	35.0%
5,000 or more	6	103,330	49.1%	2,066	35.9%
Total	**277**	**210,249**	**100.0%**	**5,748**	**100.0%**

Comhlachtaí poiblí beaga
Bhí 114 comhlacht poiblí ann a d'fhostaigh níos lú na 50 duine. B'ionann an fórsa oibre iomlán agus 1,651 agus as an méid sin bhí sé taifeadta go raibh 70 (4.2%) fostaí faoi mhíchumas. Rinne comhlachtaí mar seo suas 0.8% d'fhoireann iomlán na hearnála poiblí agus1.2% d'fhoireann faoi mhíchumas

Comhlachtaí poiblí móra (breis is 1,000 ball foirne)
Bhí 36 comhlacht poiblí ann a d'fhostaigh breis is 1,000 ball foirne, B'ionann iomlán a mball foirne agus 165,819 agus astusan tuairiscíodh go raibh 4,080 (2.5%) faoi mhíchumas. Rinne FSS suas breis is 41% den fhostaíocht sa chatagóir seo (68,948). Seachas FSS (ag 1.2%), an príomhghrúpa i measc na gcomhlachtaí níos mó seo a bhí go maith faoi bhun na sprice de 3% ná na hInstitiúidí Teicneolaíochta, le IT Bhaile Átha Cliath ag 1% agus IT Chorcaí ag 1.5%. Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil gá le hiarracht spriocdhírithe i ndáil le comhlachtaí poiblí áirithe. Pléitear sin i Rannóg 3.

[5] Áirítear san iomlán seo 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach ar leithligh nach bhfuil fostaithe iontu araon ach 49 ball foirne

Tábla 5: Céatadán fhostaíocht na ndaoine faoi mhíchumas ar fud gach catagóire méide de Chomhlacht Poiblí

Líon Fostaithe	Líon na gComhlachtaí Poiblí	Iomlán na Foirne	Iomlán na bhfoirne faoi mhíchumas	% a bhfoirne faoi mhíchumas
1-49	114	1,651	70	4.2%
50-99	25	1,849.5	59	3.2%
100-499	67	16,629	612	3.7%
500-999	35	24,301	927	3.8%
1,000-4,999	30	62,489	2,014	3.2%
5,000 or more	6	103,330	2,066	2.0%

2. Ag Tuiscint na nAthruithe 2009 - 2010

2.1 Pátrún Foriomlán

I gcás fhormhór na gcomhlachtaí poiblí níor taifeadadh ach athrú beag nó gan aon athrú in aon chor ó thaobh líon na mball foirme faoi mhíchumas a bhí fostaithe sa bhliain 2010 i gcomparáid leis an mbliain 2009. Tharla an laghdú comhiomlán ar líon na ndaoine faoi mhíchumas mar atá sonraithe i Rannóg 1 den tuarascáil seo mar thoradh ar roinnt comhlachtaí ag tuairiscí laghdú ar an líon ball foirne faoi mhíchumas, fritháirithe go páirteach acusan a raibh méadú acu. Athruithe beaga iad seo d'fhormhór. Thaifead líon beag comhlachtaí poiblí (5) laghduithe suntasacha i líon na mball foirne faoi mhíchumas le linn 2010. Tá sonraí na bhfigiúirí seo i dTábla 6.

Déanann an laghdú seo d'iomlán de 567 i líon na mball foirne faoi mhíchumas sna cúig chomhlacht phoiblí seo suas sciar an-suntasach de laghdú foriomlán de 632 san earnáil phoiblí i gcoitinne. Is dócha gur tharla na laghduithe go príomha toisc méid díréireach mór d'fhostaithe faoi mhíchumas a roghnaigh scéimeanna laghdaithe líon foirne san earnáil phoiblí i gcoitinne. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag polasaithe coinneála i bhfrithchothromú na treochta seo.

Ba chóir a nótáil freisin chomh maith le FSS, bhí ceann amháin eile de na comhlachtaí faoi bhun na sprice de 3% sa bhliain 2010. An comhlacht i gceist ná Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath (2.1%). Is gá dul i ngleic go spriocdhírithe leis sin amach anseo.

Tábla 6: Comhlachtaí Poiblí leis an laghdú is suntasaí i líon na mball foirne faoi mhíchumas 2009-2010

	2010 Líon na mball foirne faoi mhíchumas	2009 Líon na mball foirne faoi mhíchumas	Laghdú i líon na mball foirne faoi mhíchumas 2009-2010
An Post	380	460	- 80
Bord Soláthair Leictreachais	334	393	- 59
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	140	189	- 49
Bord Ospidéal Adelaide agus na Mí	68	101	- 33
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	801	1,147	- 346
Iomlán	1,723	2,290	- 567

2.2 Sonraí agus saincheisteanna maidir le faisnéisiú

Agus measúnú á dhéanamh ar líon agus sciar na foirne faoi mhíchumas san earnáil phoiblí tá saincheist an bhailithe sonraí ina saincheist thábhachtach. Bíonn cruinneas na dtorthaí a thagann ar ais chuig an ÚNM faoi thionchar fachtóirí amhail toilteanas na foirne míchumas faisnéisiú a dhéanamh ina leith agus leibhéal an fhreagartha ó mhóráirimh foirne arna reáchtáil ag comhlachtaí poiblí (Aguisín C).

Sa bhliain 2010, leanadh ag cur feabhais ar cháilíocht na sonraí atá ar fáil don ÚNM. Chuir an ÚNM in iúl, a luaithe is atá móráireamh bonnlíne sásúil déanta ag comhlachtaí poiblí, gur féidir leo sonraí a chur ar fáil trí rianú a dhéanamh ar stádas míchumais na bhfostaithe a thosaíonn ag obair leo nó a fhágann an eagraíocht, agus ar stádas míchumais na ndaoine a n-athraíonn a stádas míchumais. D'fhorbair an ÚNM sraith ábhar lena n-áirítear foirmeacha eiseamláireacha chun treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí agus móráireamh cuimsitheach bonnlíne ar siúl acu, agus i rianú athruithe ar an mbonnlíne ina dhiaidh sin.[6]

Mar a luadh i dtuarascálacha de chuid an ÚNM roimhe seo i ndáil le Cuid 5, bíonn líon na mball foirne arna dtaifead mar bhaill foirne faoi mhíchumas faoi thionchar líon na ndaoine a roghnaíonn tuairisciú go bhfuil siad faoi mhíchumas, ag úsáid na modhanna cuí. Is dócha gur baill foirne iad nach bhfaisnéisíonn, ar chúiseanna

[6] Féach http://www.nda.ie/website/nda/cntmgmtnew.nsf/0/A3FA97F7EF093251802573D900393654?OpenDocument

éagsúla, go bhfuil siad faoi mhíchumas. Mar shampla, dar le taighde a rinneadh in Éirinn agus thar lear bhí daoine drogallach tuairisciú go raibh fadhbanna meabhairshláinte acu ar eagla go ndéanfaí stiogmú orthu. Tugann taighde le fios freisin, i gcás go bhfuil cultúr sa láthair oibre a chruthaíonn meon dearfach i leith míchumais, go bhfuil sé níos dóichí go dtuairisceoidh duine i leith míchumais agus seo réimse a bhféadfaí díriú air mar chuid den phróiseas monatóireachta. Tá a mhalairt fíor freisin, i.e. i gcás nach bhfuil an lucht bainistíochta agus an láthair oibre dearfach i leith míchumais ní dócha go dtuairisceofar i leith míchumais[7].

Sa bhliain 2010, bhí roinnt comhlachtaí poiblí fós nár éirigh leo comhaireamh cuimsitheach a dhéanamh ar líon a bhfoirne faoi mhíchumas. Mar shampla, bhí figiúirí le haghaidh 20100 d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an fostóir is mó san earnáil phoiblí sa stát, bunaithe ar chomhaireamh de 56% dá mball foirne, cé go n-aithnítear gur ardaigh an sciar a cuimsíodh beagán ó 2009 (49%).

I roinnt cásanna, comhlachtaí poiblí a bhí tar éis móráireamh sásúil a dhéanamh dá bhfoirne i mblianta roimhe rinne siad móráireamh iomlán eile sa bhliain 2010, agus sa bhliain sin bhí an ráta freagartha níos ísle. Sna cásanna sin, seans go mbeifí tar éis sonraí níos cuimsithí, níos cruinne a fháil don bhliain 2010 dá mba rud é go raibh córas i bhfeidhm a rianaigh athruithe bliain ar bhliain.

D'fhéadfadh, dá mbaileodh comhlachtaí poiblí sonraí iomlána faoi fheidhmíocht fhoriomlán i ndáil le baint amach na sprice de 3% go mbeadh an scéal níos fearr ná mar a tuairiscíodh. Is dócha go bhfuil seo fíor mar cé go ndearnadh comhaireamh ar gach ball foirne, seans nach ndearnadh comhaireamh ar gach ball foirne faoi mhíchumas ar na cúiseanna atá sonraithe thuas.

2.3 Moratóir ar Earcaíocht

Aithníonn an ÚNM i gcomhthéacs na ndeacrachtaí eacnamaíochta agus airgeadais atá ann faoi láthair go bhfuil sé deacair ar an earnáil phoiblí an sprioc de 3% a bhaint amach. Tá an ÚNM den tuairim, ámh, go bhfuil ceanglas dlí ar an earnáil phoiblí fostaíocht i measc daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, agus an sprioc a bhaint amach, chun daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh fostaíochta i gcoitinne. Taifeadadh sa Suirbhé Náisiúnta Míchumais (2006) go bhfuil daoine faoi mhíchumas fostaithe go díréireach san earnáil phoiblí, agus aithníodh tábhacht sprioc na hearnála poiblí i ndáil leis sin.[8] Sa chomhthéacs sin is trua, faoi dheireadh 2010, nár baineadh amach an sprioc de 3% don earnáil phoiblí ina iomláine nó ag 41% de chomhlachtaí poiblí, agus, de bhreis air sin, bhí an treocht le linn 2009-2010 ag dul i dtreo diúltach, ag laghdú ó 2.9% sa bhliain 2009 go 2.7% sa bhliain 2010.

Ar cheann de na príomhthosca i dtorthaí 2010 bhí an tionchar a bhí ar an moratóir ar earcaíocht san earnáil phoiblí, a bhí i bhfeidhm ón 27 Márta 2009.[9] Rinne seo agus

---

[7] http://www.nda.ie/website/nda/cntmgmtnew.nsf/0/B8670115CA74B740802576B9003E7259?OpenDocument

[8] Féach Tábla 7.5 Suirbhé Náisiúnta Míchumais Imleabhar. 2.

[9] http://www.finance.gov.ie/documents/public%20expenditure/2009/stanletter.pdf

déanfaidh sé teorannú ar chumas na gcomhlachtaí poiblí an sprioc de 3% a bhaint amach. Cé gur tharla roinnt earcaíochta sa bhliain 2010, bhí an líon de 5,141 ball foirne a tuairiscíodh a earcaíodh comhchosúil leis an líon a earcaíodh sa bhliain 2009, agus i bhfad níos ísle ná i mblianta roimh an moratóir. Seo a leanas na cúig chomhlacht phoiblí a d'earcaigh an líon is airde foirne le linn 2010, a rinne suas iomlán de 2,330.

Tábla 7: Comhlachtaí Poiblí a d'earcaigh an líon is airde sa bhliain 2010

Ainm an chomhlachta poiblí	Líon daoine earcaithe sa bhliain 2010	Sprioc 3% sroichte
BSL	226	Yes
Bord Ospidéal Beaumont	252	Yes
Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath	490	No
Bord Ospidéal San Séamas	620	Yes
An Post	742	Yes

Níor éirigh le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath an sprioc de 3% a bhaint amach agus is gá dul i ngleic leis seo chun feabhas a chur ar fheidhmíocht.

2.4 Treochtaí i mbearta ar mhaithe le cothú agus tacú fostaíochta

Thug na torthaí do 2010 le fios go bhfuil formhór na gcomhlachtaí poiblí ag leanúint ag cur i bhfeidhm roinnt beart dearfach chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leis, amhail Oifigeach Idirchaidrimh Míchumais a bheith acu, Clár nó Cód Cúnaimh d'Fhostaithe a bheith acu i ndáil le fostaíocht daoine faoi mhíchumais.

Thuairiscigh roinnt mhaith comhlachtaí poiblí bearta breise a chuir siad i bhfeidhm chun láithreacha oibre agus timpeallachtaí poiblí cuimsitheacha a chruthú, nó chun seirbhísí feabhsaithe a sholáthar do bhaill den phobal atá faoi mhíchumas. Bhuaigh roinnt comhlachtaí poiblí gradaim O2 i gcatagóir an fhostóra, agus roinnt eile maidir le Inrochtaineacht Timpeallachta.

Cosúil le blianta roimhe, tugann anailís ar thorthaí le fios go raibh gaol ann idir bearta dearfacha a glacadh chun tacú le foireann faoi mhíchumas, agus baint amach na sprice de 3%. Leanadh ag cur i bhfeidhm na mbeart sin. Tuairiscíodh dúinn mar leanas:

- An beart is mó a luadh sa bhliain 2010 chun tacú le fostaithe atá faoi mhíchumas agus chun iad a chur chun cinn, mar ab amhlaidh sa bhliain 2009 freisin, ná iniúchadh rochtana. Thuairiscigh trí as gach ceathar comhlachtaí poiblí an beart seo, (76%) sa bhliain 2010.

- Tá líon mór eagraíochta poiblí a thuaiiriscigh go raibh cód cleachtais nó polasaithe acu ar an láthair oibre maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú
- D'inis thart ar leath des na h-eagraíochtaí (44)% go raibh polasaithe acu chun cóiríocht réasúnta a chur ar fáil do bhall foirne faoi mhíchumas. Tá sé ina cheanglas dlí cóiríocht a chur ar fáil do bhaill foirne faoi mhíchumas. Tá an sprioc fós ann go mbeadh polasaithe ag gach comhlacht poiblí maidir le cóiríocht réasúnta.

Roinnt mhaith de na bearta seo ní chosnaíonn siad mórán airgid. Cuidíonn na polasaithe agus na bearta sin feabhas a chur ar rátaí coinneála agus d'fhéadfadh sé bheith chun sochair daoine faoi mhíchumas amach anseo nuair a bheith cead ag comhlachtaí poiblí tosú ag earcú arís agus baill foirne nua faoi mhíchumas a fhostú.

Polasaithe coinneála
Mhéadaigh ar an líon comhlachtaí a thuairiscigh go raibh polasaithe agus gnáthaimh acu a raibh mar aidhm acu fostaithe a choinneáil, ar fosaithe iad a bhí faoi mhíchumas, Ó thaobh shonraí na bpolasaithe céanna, thuairiscigh roinnt comhlachtaí go gcoinníonn siad i dteagmháil le fostaithe atá ar shaoire bhreoiteachta agus go gcinntíonn siad go bhfaigheann na fostaithe sin na tacaí iomchuí chun cuidiú leo filleadh ar an obair. Luaigh comhlachtaí eile go mbíonn agallaimh filleadh ar an obair acu d'fhostaithe atá ag filleadh ar an obair tar éis a bheith as láthair de bharr tinnis nó tar éis tarlú a chuir iad faoi mhíchumas.

Cláir taithí /socrúcháin oibre
Glacann roinnt comhlachtaí poiblí páirt i gcláir taithí oibre/socrúcháin do dhaoine faoi mhíchumas. I roinnt cásanna, d'fhostaigh an comhlacht i gceist daoine faoi mhíchumas a bhí ar na cláir sin ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha. Tá féidearthacht ann go ndéanfadh comhlachtaí poiblí eile dul chun cinn sa réimse seo.

Tátal
Cé gur tuairiscíodh roinnt forbairtí dearfacha, tríd is tríd an treocht iomlán i ndáil le comhlíonadh Chuid 5 den Acht ná treocht a bhí pas beag diúltach le linn 2010. Thit sciar na mball foirne faoi mhíchumas agus in éineacht leis an treocht sin bhí laghduithe beaga le linn 2010 ar fud raon de bhearta dearfacha. Is gá stad a chur leis an laghduithe sin agus ní foláir tabhairt faoi bhearta eile d'fhonn an treocht fhoriomlán a chúlú, treocht atá ag gluaiseacht ón sprioc de 3%. I Rannóg 3 den tuarascáil seo tá plé ann ar mholtaí do thionscnaimh bunaithe ar an anailís sin.

3. Amach Anseo

Bunaithe ar anailís ar shonraí 2010 maidir le comhlíonadh Chuid 5 den Acht, rinneadh na moltaí seo a leanas. An cuspóir atá againn ná a chinntiú go mbeadh an pictiúr a fhaighimid ó na torthaí bliantúla chomh beacht agus is féidir é agus chun feabhas a chur ar chomhlíonadh Chuid 5 ar fud na hearnála poiblí.

3.1 Sonraí a Fheabhsú

Léiríodh i bpróiseas 2010 maidir le tuarascálacha ardchaighdeáin na gcoistí monatóireachta a chur ar ais go raibh feabhas leanúnach air ar na blianta roimhe. I gcás trí thacar torthaí, áfach, níor cloíodh leis na spriocdháta.

I ndáil leis na saincheisteanna arna sainaithint i gCuid 2 maidir le hiomláine na sonraí, rátaí freagartha i móráirimh (liostáilte in Aguisín C) agus saincheisteanna maidir le faisnéisiú, tá obair fós le déanamh. Ba chóir a nótáil go gcuireann móráireamh ar an bhfoireann an deis ar fáil faisnéisiú a dhéanamh faoi aon mhíchumas chun gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar an sprioc. I roinnt cásanna chuir comhlachtaí poiblí in iúl don ÚNM gur freastalaíodh ar éileamh a rinne roinnt fostaithe go raibh an ceart acu gan míchumas a fhaisnéisiú. Tá an ÚNM ag obair leis na comhlachtaí poiblí sin chun treoir a thabhairt dóibh maidir leis an mbealach is fearr feabhas a chur ar fhaisnéisiú, agus d'fhoilsigh an ÚNM taighde ar an ábhar chun cuidiú leo seo a dhéanamh.

Tá suntas ar leith ag baint le feidhmíocht FSS, an comhlacht poiblí is mó sa tír. The Tá foireann díreach faoi bhun 69,000 ag FSS. Tuairiscíodh go raibh 801 duine nó 1.2% d'iomlán fhoireann FSS ina bhfostaithe faoi mhíchumas. Cibé scéal é, bhí na sonraí seo bunaithe ar mhóráireamh foirne nár shroich ach leath de na fostaithe. Dá mba rud é go raibh FSS in ann tuairisciú i ndáil le céatadán níos airde den fhoireann, seans go bhféadfaí a léiriú gur sroicheadh an sprioc de 3%.

Tá an ÚNM ag comhairliú don FSS móráireamh cuimsitheach a dhéanamh ar a fhórsa oibre chun a fháil amach cén stádas míchumais atá acu go léir, agus go gcoinneodh an eagraíocht ina dhiaidh sin clár chun a figiúirí a uasdátú gach bliain maidir leis an líon foirne faoi mhíchumas a thosaíonn ag obair leis an eagraíocht agus a fhágann an eagraíocht. Tá sraith ábhar treorach ag an ÚNM maidir leis seo chun cuidiú leo.

3.2 Dul i ngleic le neamhchomhlíonadh Chuid 5 den Acht

Seachas teip tuairisciú a dhéanamh,[10] d'fhéadfadh comhlacht poiblí gan a bheith ag comhlíonadh Chuid 5 den Acht sna cásanna seo a leanas:

- i gcás go bhfuil sé indéanta, bearta a ghlacadh tacú le daoine atá faoi mhíchumas;
- an sprioc de 3% a shroicheadh, mura bhfuil cúis mhaith lena mhalairt.

Mar chuid den measúnú ar neamhchomhlíonadh tá gné den bhreithiúnas i gceist maidir le cad atá indéanta, cad atá réasúnta agus cibé acu an bhfuil cúiseanna maithe ann gan an sprioc de 3% a bhaint amach nó nach bhfuil.

Forálann Alt 49 den Acht gur féidir leis an ÚNM, tar éis comhairliúcháin leis an Aire cuí, eolas a lorg ó chomhlachtaí poiblí chun a chinneadh an bhfuil siad ag

[10] Leagtar amach in Alt 48(2) an ceanglas atá ar chomhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil a chur chuig an gCoiste Monatóireachta cuí faoin 31 Márta i ndáil le comhlíonadh Chuid 5 den Acht sa bhliain roimh ré

comhlíonadh fhorálacha an Ailt. I gcás go gcinnfear ag deireadh dhá bhliain i ndiaidh a chéile, gur theip ar chomhlacht poiblí cloí le forálacha Chuid 5, féadfaidh an ÚNM a shonrú cad iad na bearta a gcaithfidh an comhlacht a ghlacadh, faoi réir cheadú an Aire.

I dtuarascáil 2008 an ÚNM maidir le comhlíonadh Chuid 5, leagadh amach sraith de chritéir le húsáid agus measúnú á dhéanamh cibé acu an bhfuiltear ag comhlíonadh nó nach bhfuil.[11] Seoladh na critéir sin chuig gach coiste reachtúil monatóireachta do Chuid 5 den Acht, agus cuireann siad san áireamh méid an chomhlachta poiblí; cibé acu ar teipeadh an sprioc de 3% a shroicheadh toisc deacrachtaí tomhas a dhéanamh ar líon na mball foirne faoi mhíchumas nó nár teipeadh; agus cibé acu ar teipeadh an sprioc de 3% a shroicheadh toisc earcú nó imeacht baill amháin foirne.

Léiríonn an anailís ar thorthaí Chuid 5 don bhliain 2010 nár éirigh le 93 comhlacht poiblí an sprioc 3% fostaíochta a bhaint amach i gceachtar den dá bhliain 2009 nó 2010.

I roinnt cásanna, chuir na comhlachtaí poiblí i gceist cúiseanna chugainn, a nglacann an tÚdarás Náisiúnta Míchumais leo mar chúiseanna bailí, maidir le cén fáth nár shroich siad an sprioc. I measc na gcúiseanna bhí siad seo a leanas:

- speisialtacht na hoibre
- go bhfuil an obair ag brath go mór ar shábháilteacht
- caillteanas daoine faoi mhíchumas trí dhaoine a bheith ag dul ar scor nó ag fáil bháis agus gan a bheith in ann daoine eile a fhostú toisc go bhfuil moratóir ar earcaíocht
- comhlachtaí a ndearnadh a bhfoireann a shannadh orthu ó mháthair-eagraíocht
- chomh beag is atá roinnt comhlachtaí poiblí (i gcás 35 de na comhlachtaí i gceist níl ach níos lú ná 20 ball foirne ag obair iontu)
- drogall na foirne atá faoi mhíchumas é sin a chur in iúl ar mhaithe leis an bpróiseas monatóireachta, nó freagra a thabhairt ar shuirbhéanna foirne
- roinnt den fhoireann faoi mhíchumas a cheapann iad féin a bheith lasmuigh den sainmhíniú atá tugtha san Acht

Aithníonn an ÚNM go bhfuil líon beag comhlachtaí poiblí nár shroich an sprioc de 3% ar na cúiseanna thuasluaite ach go bhfuil cláir thar a bheith gníomhach acu chun tacú le baill foirne atá faoi mhíchumas. I roinnt de na comhlachtaí tá an sciar de na daoine fostaithe os cionn 2% agus cóngarach do 3%. I roinnt cásanna, i gcás go n-earcófaí duine amháin faoi mhíchumas rachfaí thar an sprioc fostaíochta.

I bhfianaise na gcúinsí maolúcháin toisc an mhoratóra earcaíochta, agus ar chúiseanna eile atá tugtha thuas, glacann an ÚNM leis gur cúiseanna bailí atá iontu i bhformhór na gcásanna. D'imigh an ÚNM i dteagmháil le roinnt de na comhlachtaí

---

[11] Féach http://www.nda.ie/website/nda/cntmgmtnew.nsf/0/584C604587AEE6BE8025768D00574AFE/$File/PartV_FinalEnglish.doc

poiblí seo chun treoir shonrach agus comhairle a thabhairt dóibh. I gcás go mbeadh buairt ar an Údarás Náisiúnta Míchumais go raibh comhlacht poiblí ag sárú a cheanglas, an gnáthamh faoi Alt 49 den Acht ná go rachadh an ÚNM i dteagmháil leo ar na gcéad dul síos, agus le toiliú an Aire, go mbeadh iarratas foirmiúil ann d'aon eolas breise ba ghá chun a chinneadh cibé acu an raibh an comhlacht ag sárú Chuid 5 den Acht nó nach raibh. Chuathas i dteagmháil go foirmiúil le líon beag comhlachtaí poiblí ar an gcúis seo, lena n-áirítear iadsan a raibh glanmhéadú foirne acu sa bhliain 2010.

3.3 Clár Molta na dTacaí Spriocdhírithe

Dírigh ar Eagraíochtaí níos mó
Cé go bhfáiltítear roimh fheabhsúcháin ar fud gach catagóire méide, tugann an anailís le fios go bhfuil na féidearthachtaí is mó ann méadú ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe san earnáil phoiblí sna comhlachtaí poiblí is mó.

